C/2024/1570

5.3.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Ról an aosa óig i bhforbairt na tuaithe

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/1570)

Rapóirtéir: **Nicoletta MERLO**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	22.11.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.12.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	583
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	193/0/1

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Fís, tiomantas agus rannpháirtíocht na ndaoine óga, sin trí ní atá ag teastáil ón Eoraip le feabhas a chur ar an saol atá i ndán dúinn ar fad. Is mór an tábhacht atá le ról na gceantar tuaithe sa chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta atá á dhéanamh. Is ríthábhachtach a ceart féin a thabhairt don óige más faoin tuath é nó faoin gcathair, agus is tábhachtach dá réir rannpháirtíocht na hóige a áirithiú go hiomlán sa dá chás faoi seach.

1.2. Is mithid uirlisí cuimsitheacha a chruthú le mionsonraí a bhailiú faoin daonra, faoi rannpháirtíocht an phobail, agus faoi riachtanais na ndaoine óga sna ceantair thuaithe. Ionas gur féidir infheistíochtaí spriocdhírithe a chur chun feidhme, mar aon le beartais agus le seirbhísí spriocdhírithe, níl aon dul as ach infheistiú sa taighde agus san anailís ar shonraí imdhealaithe. Ós mar sin atá, is díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) bunú na Faireachlainne Tuaithe, agus is é an moladh a bheadh aige fócas ar shonraí a bhailiú arb é an t-aos óg is ábhar dóibh, sin agus fócas ar mhalartú na ndea-chleachtas.

1.3. Is mian le CESE a chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé dar leis cur chuige den chineál is iomláine a chleachtadh mar aon le cur chuige trasearnála. Cuid de sin is ea promhadh leas na tuaithe agus an promhadh a dhéanann an tAontas ar ghnéithe de shaol an aosa óig. Is ar an dul sin a dhéanfar cur chun feidhme bheartais an Aontais a áirithiú go fadtéarmach sa riocht gur mó toradh a bheidh orthu.

1.4. Ionas go mbeidh mealladh an aosa óig sna ceantair thuaithe, is rud é a bhfuil tábhacht thar na bearta leis go mbeadh seirbhísí poiblí agus tráchtála ar fáil dóibh go héasca, sin agus seirbhísí i gcomhair na hóige, mar aon le fostaíocht agus oideachas ar ardchaighdeán, sin agus bonneagar idir dhigiteach agus fhisiceach, gan faillí a dhéanamh san iompar poiblí ná i scéal na siamsaíochta agus na fóillíochta, clubanna óige san áireamh.

1.5. Is mór an tábhacht atá le leithéid an Chomhshocraithe um an Tuath ([1]) mar thionscnamh, sin agus le gníomhaíochtaí eile arb é an t-aos óg is fócas dóibh (ina measc sin gníomhaíochtaí i ngort an oideachais agus na hoiliúna, i ngort an spóirt agus na hoibre deonaí), chomh maith le cláir de chuid an Aontais mar Erasmus+, mar aon leis na cláir atá ann faoi scáth an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ([2]) le daoine óga a chumhachtú, le LEADER/CLLD ([3]) agus tionscnaimh agus tionscadail faoi stiúir na hóige a chumhachtú, agus cur lena gcuid rannpháirtíochta i bhforbairt na tuaithe a fheabhsú.

1.6. Dar le CESE gur rud ar mhórán tábhachta conairí rannpháirtíochta agus samhail rialachais a chur chun cinn le haghaidh na hathnuachana ó ghlúin go glúin, samhail a bheidh níos cuimsithí ná an tsamhail atá ann, samhail ba lia geallsealbhóirí, samhail a mbeadh eagraíochtaí óige agus an tsochaí shibhialta eagraithe páirteach inti, mar aon le lucht ceaptha na mbeartas, samhail a thabharfadh aitheantas do na bealaí nua ina mbíonn daoine óga rannpháirteach sa saol trí bhíthin na teicneolaíochta agus na meán sóisialta.

([1]) https://ruralpact.rural-vision.europa.eu/rural-pact_en.
([2]) https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_21_5402.
([3]) https://ec.europa.eu/enrd/leader-clld_en.html.

1.7. Chun eacnamaíocht inbhuanaithe a chothú sna ceantair thuaithe, creideann CESE gur ríthábhachtach deiseanna fostaíochta ardcháilíochta a chur ar fáil maille le conarthaí cobhsaí iomaíocha, sin agus cosaint shóisialta leordhóthanach, mar aon le tacaíocht don fhiontraíocht. Ba cheart aird ar leith a thabhairt orthu siúd nach bhfuil ag freastal ar chúrsa sa chóras oideachais (NEETs), iad siúd nach bhfuil ar fostaíocht ná faoi oiliúint, ar na mná, ar dhaoine faoi mhíchumas, agus ar dhaoine leochaileacha agus ar phobail imeallaithe. Chun an iomaíocht a chothú ionas gur rud cóir a bheidh ann, chun cearta na n-oibrithe a chosaint, agus chun cothrom na hiomaíochta a chur ar bun, measann CESE gur gá an chómhargáil a fheabhsú agus a neartú, an t-idirphlé sóisialta a threisiú, agus cur i bhfeidhm an tsásra coinníollachta sóisialta a áirithiú.

1.8. Ba rud thar a bheith tábhachtach rochtain ní b'éasca ar thalamh mar aon le so-rochtain ar chreidmheas a thabhairt d'fhiontraithe na tuaithe, sin agus tacú leis na slabhraí gearra soláthair chun eacnamaíocht inbhuanaithe a thabhairt chun cinn agus chun an fhorbairt inbhuanaithe a chothú i measc na bpobal tuaithe. Creideann CESE gur thábhachtach talamh talmhaíochta nach bhfuil á saothrú faoi láthair a chur ar fáil do dhaoine óga, agus banc talún a chruthú do na feirmeoirí óga sin ar mian leo é a shaothrú. Ach an talamh sin a thógáil ar léas, beidh siad in ann táirgeadh éifeachtúil a bhaint as talamh atá tréigthe faoi láthair.

1.9. Tá ról ríthábhachtach ag an oiliúint agus ag an oideachas ar gach leibhéal nuair is í forbairt na tuaithe atá le déanamh. Is é an cur chuige claochlaitheach ba cheart dul ina mhuinín, scéal na háite agus riachtanais an phobail san áireamh. Tharlódh don tsochaí shibhialta eagraithe ról lárnach a bheith aige san obair, agus ba cheart an tsochaí sin a thabhairt san áireamh nuair atá na conairí sin á bpleanáil agus nuair atá siad á gcur chun feidhme. Ina theannta sin, creideann CESE gur thábhachtach go gcuirfí daoine óga ar an eolas faoin earnáil agraibhia trí mheán an oideachais, rud a thabharfadh níos gaire do shaol na tuaithe iad, a chuirfeadh coincheapa bunúsacha bia ar a súile dóibh agus a chuirfeadh béim ar an ról tábhachtach atá ag táirgeoirí sa slabhra agraibhia. Chuige sin, creideann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach ábhar agraibhia a thabhairt isteach sa churaclam scoile.

1.10. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá feasta aghaidh a thabhairt ar na scileanna atá ag teastáil chun an t-aistriú glas a bhainistiú agus chun gníomhaíochtaí forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme, le linn Bhliain Eorpach na Scileanna agus i ndiaidh na bliana sin.

1.11. Is mian le CESE béim a chur ar na róil éagsúla atá ag ollscoileanna tuaithe na hEorpa agus ag seirbhísí poiblí díláraithe le hoideachas agus oiliúint, comhairle agus treoir a chur ar fáil atá oiriúnach do riachtanais shonracha na bpobal tuaithe. D'fhéadfadh freisin gur thairbhiúil an rud eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach ann, agus an t-oideachas neamhfhoirmiúil a bheith á fheabhsú agus á fhorbairt i ndáil leis sin.

2. **Na daoine óga ina sócmhainn mhór sna ceantair thuaithe**

2.1. Fís, tiomantas agus rannpháirtíocht na ndaoine óga, sin trí ní atá ag teastáil ón Eoraip le feabhas a chur ar an saol atá i ndán dóibh, le go mbeidh saol inbhuanaithe, cuimsitheach agus digiteach acu, is cuma an faoin tuath nó sna ceantair uirbeacha a chónaíonn siad ([4]). Na géarchéimeanna éagsúla atá ann faoi láthair, an t-athrú aeráide agus meath na bithéagsúlachta, cuir i gcás, mar aon leis an bpaindéim a bhí ann le déanaí, sin agus an cogadh san Úcráin, is maith a léiríonn siad leochaileacht an chórais atá againn faoi láthair agus an phráinn atá le haistriú paraidíme i dtreo na heacnamaíochta inbhuanaithe atá uainn ([5]). Sa chomhthéacs sin, ní mór gan críoch ar bith ná aon duine aonair a fhágáil faoi mhíbhuntáiste ós prionsabal é sin is mithid a fhíorú.

2.2. Is den aidhm agus den fhís atá ag an Aontas i gcomhair na gceantar tuaithe go fadtéarmach go mbeidh na ceantair thuaithe ([6]) in 2040 níos láidre agus níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla ná atá siad i láthair na huaire. Mar sin féin, ainneoin cónaí ar thrian de dhaonra an Aontais nach mór (137 milliún duine) i gceantair thuaithe in 2021 ([7]), tá difríochtaí móra ann fós idir na ceantair thuaithe agus na ceantair uirbeacha. Dá bhrí sin, ba ríthábhachtach cóir chomhionann agus rannpháirtíocht iomlán na ndaoine óga a áirithiú sna ceantair tuaithe agus sna ceantair uirbeacha araon, agus na naisc ([8]) idir an dá chineál ceantair a threisiú i ngach Ballstát faoi seach. Tá ról thar a bheith tábhachtach ag ceantair thuaithe sa chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, lena n-áirítear táirgeadh inbhuanaithe bia, ach bíonn fadhb a mbánaithe ag déanamh buartha dóibh, fadhb atá le sonrú i measc na ndaoine óga go mór mór ([9]).

2.3. Is ina creat le haghaidh comhoibriú i leith bheartais an aosa óig a fheidhmíonn Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 ([10]). Is é is aidhm di rannpháirtíocht daoine óga sa saol daonlathach a chur chun cinn agus a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go gníomhach sa tsochaí. Trí réimse bhunúsacha is fócas don straitéis, is iad sin an tsoghluaisteacht, an nascadh, agus cumhachtú na ndaoine óga. Is straitéis í a bhfuil 11 chuspóir shonracha Eorpacha don aos óg cuimsithe inti.

2.4. Maidir le sprioc na hóige uimh. 6, 'Aos Óg na Tuaithe á chur chun tosaigh', sin sprioc a bhfuil fospriocanna éagsúla i gceist léi:

([4]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — I dtreo straitéis iomlánaíoch maidir le forbairt inbhuanaithe tuaithe/uirbeach (IO C 105, 4.3.2022, lch. 49).
([5]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An Geilleagar Inbhuanaithe atá de dhíth orainn (IO C 106, 31.3.2020, lch. 1).
([6]) COM(2021) 345.
([7]) Urban-rural Europe – introduction, Eurostat (https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Urban-rural_Europe_-_introduction#Area_and_population).
([8]) https://www.iied.org/rural-urban-linkages.
([9]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais (IO C 290, 29.7.2022, lch. 137).
([10]) https://youth.europa.eu/strategy_en.

— scéal cinnte a dhéanamh de go mbeidh an bonneagar cuí ann, ina measc sin na seirbhísí poiblí, nascacht na sonraí, agus deiseanna tithíochta do dhaoine óga i gceantair thuaithe;

— deiseanna fostaíochta inbhuanaithe ardcháilíochta a chruthú a mbeadh rochtain ag daoine óga i gceantair thuaithe orthu;

— dílárú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí de chuid na ndaoine óga, rud a chuirfeadh ar a gcumas a bheith ag rannchuidiú leis na pobail áitiúla;

— daoine óga ó cheantair thuaithe a rannpháirtiú sna próisis chinnteoireachta ar bhealach gníomhach;

— rochtain chomhionann ar oideachas, meantóireacht agus oiliúint ardcháilíochta a áirithiú do na daoine óga i gceantair thuaithe; agus

— íomhá dhearfach de cheantair thuaithe a chruthú agus traidisiúin na tuaithe a chaomhnú agus a chur chun cinn.

2.5. Cuireann an t-aos óg go mór leis an saol faoin tuath. Is tobar smaointe iad, tobar inspioráide agus fuinnimh leis na ceantair thuaithe a neartú, agus lena ndéanamh níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla ná atá siad faoi láthair. De bhrí a gcuid cruthaitheachta agus a gcuid díograise, is féidir leo páirt a ghlacadh i saol na bpobal tuaithe go gníomhach, sin agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua a spreagadh, gníomhaíochtaí arb í an fhostaíocht ar an leibhéal áitiúil an toradh atá orthu.

2.6. Nuair atá aitheantas á thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag na daoine óga i bhforbairt na tuaithe, ba ríthábhachtach uirlisí cuimsitheacha a bheith ann, uirlisí chun mionsonraí a bhailiú faoin daonra, faoi rannpháirtíocht an phobail, agus faoi riachtanais na ndaoine óga i gceantair thuaithe. An infheistíocht sa taighde agus san anailís ar shonraí imdhealaithe (fachtóirí mar inscne, cáilíochtaí oideachais, náisiúntacht, leochaileachtaí féideartha, etc. san áireamh) is ríthábhachtach na rudaí iad féin chun infheistíocht, beartais agus seirbhísí spriocdhírithe a chur chun feidhme a chomhlíonfaidh riachtanais shonracha na réimsí a ndearnadh staidéar orthu. Ar an dul sin, is díol sásaimh do CESE Faireachlann an Aontais Eorpaigh um an Tuath ([11]) a bheith bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach, agus molann sé fócas ar bhailiú na sonraí arb é an t-aos óg is ábhar dóibh.

2.7. Ba ríthábhachtach malartú na ndea-chleachtas a spreagadh chun beartais éifeachtacha a fhorbairt, beartais a chuirfidh feabhas ar an bpoitéinseal atá sna ceantair thuaithe ionas gur fearr a bheidh mealladh an aosa óig iontu. Na daoine a bheith ag roinnt a gcuid taithí féin le chéile, agus acmhainní na hEorpa a bheith á n-úsáid, sin dhá bhealach leis na spriocanna sin a aimsiú, rud a chinnteoidh gur timpeallachtaí rathúla a bheidh sna ceantair thuaithe i gcomhair na ndaoine óga. Ní mór aitheantas ar leith a thabhairt d'earnáil an agraibhia agus í a chur chun cinn ós í is cúis le deiseanna tarraingteacha a bheith ann do dhaoine óga i gceantair na tuaithe.

2.8. Ba ríthábhachtach modhanna cur chuige den chineál iomlánaíoch a ghlacadh, ina measc promhadh leas na tuaithe ([12]) agus an promhadh ([13]) a dhéantar ar ghnéithe de shaol an aosa óig i ranna uile an Choimisiúin Eorpaigh. Áiritheoidh na modhanna sin go gcuirfear beartais an Aontais chun feidhme go fadtéarmach, go mbeidh tionchar dearfach acu ar an saol, go laghdófar neamhionannais, agus go mbeidh aird ar riachtanais na nglún atá ann agus a bheidh ann sna ceantair thuaithe agus sna ceantair uirbeacha araon. Sa chomhthéacs sin, ní mór nasc láidir a áirithiú idir na limistéir thuaithe agus na limistéir uirbeacha.

3. **Na ceantair thuaithe a chur sa riocht go mbeidh mealladh an aosa óig iontu**

3.1. Sna conclúidí ón gComhairle an 26 Bealtaine 2020 maidir le ([14]), admhaíodh go bhfuil daonra an Aontais ag dul in aois, go háirithe i gceantair thuaithe, i gceantair iargúlta, agus ar na hoileáin, agus admhaíodh gur gá a áirithiú gur fearr an rochtain a bheidh ag na daoine ar sheirbhísí poiblí agus tráchtála, ar fhostaíocht agus oideachas ar ardchaighdeán, ar bhonneagar digiteach agus fisiciúil, ar iompar poiblí agus ar ghníomhaíochtaí fóillíochta.

3.2. Sna conclúidí sin, iarrtar ar na Ballstáit cur chuige a chur chun cinn den chineál a laghdódh an éagothromaíocht idir na ceantair thuaithe agus na ceantair iargúlta ar thaobh amháin den scéal agus na ceantair uirbeacha ar an taobh eile de, sin agus bearta trasearnála a fhorbairt, rud a d'fhágfadh go mbeadh aird ar thuairimí agus ar dhearcadh na ndaoine óga sna réimsí sin. Áirítear leis sin fiontraíocht agus deiseanna éagsúla fostaíochta a chur chun cinn sa talmhaíocht agus i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha eile, sa gheilleagar sóisialta, sin agus sna comharchumainn chomh maith. Iarrtar ar na Ballstáit freisin daoine óga a rannpháirtiú i saol an phobail áitiúil trí bhíthin uirlisí éagsúla de chuid na saoránachta gníomhaí, agus seirbhísí atá dírithe ar an óige, mar aon le sineirgí a chothú idir cláir agus tionscnaimh an Aontais mar/, Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Ciste Sóisialta na hEorpa, an ráthaíocht don aos óg, agus LEADER/CLLD.

3.3. Ainneoin an dul chun cinn atá déanta i gcuid de na Ballstáit, is deacair fós do na ceantair thuaithe daoine óga a mhealladh, mar gheall ar an easpa seirbhísí cuí thar aon ní eile, sin agus an easpa tithíochta inacmhainne, mar aon le heaspa deiseanna fostaíochta ardcháilíochta, chomh maith le bacainní ar an bhforbairt phearsanta agus ar an bhforbairt ghairmiúil. Is minic tús áite ag ceantair uirbeacha agus ag ceantair pheirea-uirbeacha ar cheantair thuaithe.

([11]) https://observatory.rural-vision.europa.eu.
([12]) https://rural-vision.europa.eu/action-plan/cross-cutting/rural-proofing_en.
([13]) https://www.youthforum.org/topics/eu-youth-test.
([14]) IO C 193, 9.6.2020, lch. 3.

3.4. Dá ndéanfaí na tograí a leagtar amach sna conclúidí seo a chur chun feidhme, is fearr a d'fhéadfadh na ceantair thuaithe agus na ceantair iargúlta an t-aos óg a mhealladh, arae dá gcuirfí i bhfeidhm go héifeachtach iad, is cinnte go dtiocfadh méadú ar na deiseanna do dhaoine óga atá sna ceantair thuaithe.

3.5. Seo a leanas go sonrach an méid is gá a dhéanamh:

— cur chuige de chineál na trasearnála a chur chun cinn i ndáil le beartais agus straitéisí i gcomhair an aosa óig chun na neamhionannais idir na ceantair thuaithe/iargúlta agus na ceantair uirbeacha a laghdú;

— daoine óga a chumhachtú i bpobail na tuaithe trí bhíthin samhlacha rannpháirtíochta, trí eagraíochtaí óige agus an tsochaí shibhialta eagraithe a thabhairt i bpáirt san obair, agus tríd an bpromhadh ar ghnéithe de shaol an aosa óig AE a chur chun feidhme;

— a áirithiú go dtacaíonn na Ballstáit agus cláir an Aontais le seirbhísí le haghaidh an aosa óig agus le haghaidh clubanna óige, agus go maoineoidh siad iad agus go dtabharfaidh siad tosaíocht dóibh, go háirithe seirbhísí a chuireann eagraíochtaí deonacha ar fáil i gceantair iargúlta;

— spásanna cruinnithe leormhaithe a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí óige (lena n-áirítear saoráidí spóirt agus fóillíochta), maille le béim ar leith orthu siúd atá leochaileach nó faoi mhíchumas;

— roghanna taistil idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha a fheabhsú trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar agus i modhanna soghluaisteachta atá inbhuanaithe, lena n-áirítear seirbhísí iompair phoiblí áitiúla, seirbhísí ba cheart a chur chun cinn agus a dhreasú;

— infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar TF agus i naisc leathanbhanda ardluais chun nascacht agus rochtain ar acmhainní digiteacha a áirithiú;

— tacú le daoine óga a bhfuil sé ar intinn acu filleadh ar cheantair thuaithe trí bhíthin bearta spriocdhírithe i gcomhair tithe ar cíos nó le tithe a cheannach, mar aon le hathchóiriú na dtithe tréigthe agus athshaothrú na talún a spreagadh trí bhuntáistí cánach;

— tacaíocht airgeadais a chur ar fáil le haghaidh rochtain ar thalamh atá dírithe ar dhaoine óga;

— struchtúir idirphlé shóisialta leordhóthanacha a áirithiú chun an caidreamh tionsclaíoch a neartú agus dálaí oibre cuibhiúla a áirithiú do chách.

3.6. Ceann de na dúshláin is mó in earnáil na talmhaíochta, is dúshlán é a bhaineann leis an aois atá ag na feirmeoirí. Is cúis mhór imní feasta nach bhfuil ach feirmeoir amháin as gach deichniúr faoi bhun 40 bliain d'aois. Is géire an chúis imní atá ann i gcás na bantrachta: níl ach bean amháin as gach 20 banfheirmeoir faoi bhun an dá scór. In 2020, ní raibh ach thart ar 6,5 % de bhainisteoirí feirme an Aontais faoi bhun 35 bliana d'aois. Is ábhair imní ar leith an rochtain ar mhaoiniú, ar thalamh, ar chaipiteal agus ar eolas do mhórán daoine óga atá ag smaoineamh ar obair in earnáil na talmhaíochta ([15]). Ba ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna criticiúla sin, chomh maith leis an mbearna ó ghlúin go glúin, sin agus an éagothromaíocht idir na hinscní, ar mhaithe le hinbhuanaitheacht agus le cuimsitheacht thionscal na talmhaíochta san am atá romhainn.

3.7. Is réiteach do na Ballstáit atá sa leagan nua den Comhbheartas talmhaíochta (CBT) chun tacú leis an athnuachan ó ghlúin go glúin i saol na feirmeoireachta, sin agus chun tacú leis an ionannas idir na hinscní, tuilleadh tacaíochta d'fheirmeoirí óga san áireamh. Is den oibleagáid atá ar na Ballstáit 3 % ar a laghad de na híocaíochtaí díreacha a chaitheamh chun tacú le feirmeoirí óga. Tá EUR 8,5 billiún de chaiteachas poiblí curtha in áirithe chun cuidiú le feirmeoirí óga a ngnó a chur ar bun, chun infheistiú ann, agus é a choinneáil faoi sheol ar feadh na mblianta a mbeidh siad i dtús a chúraim. Is é is aidhm do na straitéisí sin cuidiú le thart ar 380 000 feirmeoir óg nua bun a dhéanamh le linn na tréimhse 2023-2027 ([16]). Ní mór dianfhaireachán ar na bearta sin a áirithiú. Is tábhachtach an ní é freisin praghsanna táirgthe cothroma agus an inbhuanaitheacht eacnamaíoch a bhaint amach chun inmharthanacht na dtionscadal a ghintear a áirithiú. Mura bhfuil bail agus bláth ar na ceantair thuaithe ní mheallfar an t-aos óg isteach iontu.

3.8. Ba cheart do líonra CBT agus d'Fhaireachlann na Tuaithe súil a choinneáil ní hamháin ar sprioc na 380 000 feirmeoir nua, ach ar chruthú deiseanna fostaíochta eile freisin. San am céanna, ba cheart na bacainní atá ann a thabhairt chun suntais, mar aon le réitigh ar an aistriú ó ghlúin go glúin a chur chun cinn, sin agus samhlacha feirmeoireachta agus samhlacha gnó eile a bheith á roinnt ag na daoine le chéile, orthu sin daoine i réimsí an gheilleagair shóisialta agus na gcomharchumann.

([15]) Bliainiris réigiúnach Eurostat 2023.
([16]) CBT 2023-27: Feirmeoirí óga, European Commission.

3.9. Chomh maith le beartais agus cistí talmhaíochta, ba ríthábhachtach cur chuige láidir trasearnála a ghlacadh a mbeidh an athnuachan ó ghlúin go glúin san áireamh ann. Cuideoidh an cur chuige sin na bearnaí idir ceantair thuaithe agus cathracha a dhúnadh. Mar shampla, chun ceantair thuaithe a dhéanamh chomh tarraingteach le limistéir uirbeacha ó thaobh deiseanna agus cáilíocht saoil de, is gá infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht agus in áiteanna a bhféadfaidh na daoine bualadh le chéile go rialta. De bharr phaindéim COVID-19 agus de bhrí an mhéadaithe ar an gcianobair a tharla ina dhiaidh sin, tá rogha déanta ag mórán daoine iad féin a athlonnú i gceantair thuaithe. Ar mhí-ámharaí an tsaoil, is dúshláin nach beag fós atá sna bearnaí digiteacha agus sa bhonneagar easnamhach sna ceantair sin, rud a imríonn tionchar ar na líonraí teileachumarsáide agus rud is bac ar an rochtain ar sheirbhísí.

3.10. Na tionscnaimh lena gcuirtear rannpháirtíocht an phobail agus an t-idirphlé idirghlúine chun cinn agus lena gcaomhnaítear an ghné chultúrtha, is iad na tionscnaimh sin a chuireann feabhas ar fholláin agus ar fhéiniúlacht aos óg na tuaithe go foriomlán. Ceantair a bhfuil an reiligiún iontu go follasach, maille le heaglaisí a bhfuil spás iontu le haghaidh an phobail, sin agus cumainn na sochaí sibhialta, is ceantair iad a bhfuil tábhacht mhór leis na háiteanna sin iontu mbréid an chultúir.

3.11. Is bagairt mhór do thíortha na hEorpa an talamh aimrid a bheith ag dul i bhfairsinge, an triomach a bheith ag dul in ainseal, agus tuilte a bheith ann go rialta feasta ([17]). Is trí rud iad an t-athrú aeráide, creimeadh na hithreach, bainistiú neamh-inbhuanaithe an uisce, agus cleachtais neamh-inbhuanaithe in úsáid na talún a chuireann barr ar an gcruachás sin. Tá staidéir ann a bhfuil sé le tuiscint uathu gur réigiúin an-leochaileach atá i gcuid mhór den Spáinn, de dheisceart na hIodáile, d'oirdheisceart na hEorpa agus de Dheilt na Danóibe fad a bhaineann le triomú na talún. Mura bhféachtar leis an scéal a chur ina cheart, d'fhéadfadh thart ar 11 % de chríocha na hEorpa a bheith i mbaol faoi dheireadh an chéid. Is cúis imní agus alltachta atá sa scéal seo gan aon agó, agus is baol gur rud é a chuirfidh táirgeadh na mbarr agus saothrú beostoic as a riocht, rud a d'fhágfadh gur ag tréigean na talmhaíochta a bheifí, tréigean nach mbeadh de thoradh air ach breis leochaileachta. Tá práinn le gníomhaíocht chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú agus chun cleachtais inbhuanaithe i mbainistiú na talún a chur chun feidhme d'fhonn talmhaíocht na hEorpa a chosaint ([18]). Má chuirtear an dícheall sin i gcion ar cheist na hathnuachana i measc na bhfeirmeoirí, is amhlaidh a áiritheofar rannpháirtíocht ghníomhach na ndaoine óga i gcleachtais talmhaíochta atá inbhuanaithe, agus cothófar tuiscint ar cheartas na haeráide, todhchaí chothrom inbhuanaithe do na ceantair thuaithe san áireamh.

3.12. Ní bheidh teacht aniar i saol na tuaithe go fadtéarmach gan comhar a bheith ann idir óg agus sean, comhar agus é bunaithe ar an urraim fhrithpháirteach agus ar an tacaíocht fhrithpháirteach. Ba cheart beartais mheantóireachta ar leith a bheith ann i dteannta Erasmus+ na tuaithe agus tionscnaimh eile arb é cumhachtú na ndaoine is cuspóir dóibh. Ar a mhuin sin, ní mór níos mó infheistíochta a dhéanamh i bprintíseachtaí, ní hamháin sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht ach san oiliúint i ngort na ceardaíochta, i réimse an chultúir agus i gcúrsaí gnó faoin tuath ionas gur cinnte go dtabharfar idir scileanna agus eolas ar lámh don chéad ghlúin eile. Ba thábhachtach cláir teagaisc shonracha a chur san áireamh do dhaoine óga atá ina gcónaí i gceantair uirbeacha i scoileanna nó i gcomhthéacsanna oideachais eile chun iad a chur ar an eolas maidir le ceantair thuaithe agus gníomhaíochtaí feirmeoireachta.

3.13. Meabhairshláinte na bhfeirmeoirí agus an easpa ama saor ón obair, sin dhá dúshlán bhreise d'inbhuanaitheacht shóisialta agus eacnamaíoch na gceantar tuaithe, dhá dhúshlán is mithid a shárú. Ní mór tionscadail mar Farmwell ([19]) a chur chun cinn i gceart, an tacaíocht chuí a thabhairt dóibh, agus iad a scaipeadh.

3.14. Straitéis chumarsáide chuimsitheach atá dírithe ar dhaoine óga agus atá forbartha ag institiúidí poiblí ar gach leibhéal agus ag eagraíochtaí a oibríonn leis an óige, sin rud ba ríthábhachtach chun tionscnaimh a chur chun cinn go héifeachtach agus chun acmhainneacht agus deiseanna a fheabhsú sna ceantair thuaithe.

4. **Rialachas**

4.1. Is rud ríthábhachtach i gcomhair fhorbairt na tuaithe atá i rannpháirtíocht an aosa óig, ós rud é go bhfuil luí ag na daoine óga le meon na hinbhuanaitheachta agus le cosaint an chomhshaoil. Ba cheart go mbeidís i gcroílár samhail rialachais il-gheallsealbhóra ní ba chuimsithí, daoine óga ag gabháil don chinnteoireacht ag gach céim den obair, lámh a bheith acu sna tograí ón dréachtú go dtí an cur chun feidhme, agus idir fhaireachán agus obair leantach ([20]) a bheith á ndéanamh acu ar na tograí sin, lena n-áirítear cruthú na n-ardán ilearnála. Leis na conairí rannpháirtíochta sin le haghaidh na hathnuachana ó ghlúin go glúin, ba cheart go n-aithneofaí freisin na bealaí nua ina mbíonn daoine óga rannpháirteach tríd an teicneolaíocht agus trí na meáin shóisialta.

4.2. An fhís atá ag na daoine óga, a gcuid uaillmhianta féin, sin agus na rudaí atá á n-éileamh acu, sin trí rud ba cheart a phlé agus a mheas go comhsheasmhach, trí rud ba cheart a chur san áireamh go héifeachtach i ngníomhaíochtaí, i bpleananna agus i gcláir eile a bhíonn á bhformheas agus á gcur chun feidhme.

4.3. Faoi chreataí an Chomhshocraithe um an Tuath, Pharlaimint Eorpach na Tuaithe ([21]) agus na bhforbairtí áitiúla atá faoi stiúir an phobail (CLLD agus LEADER/CCLD), tá meán ar mhórán tábhachta chun an t-aos óg a chumhachtú agus chun ról lárnach a thabhairt dóibh. Méadú a chur ar na cláir agus ar na tionscnaimh úd, sin bealach le cumhacht a thabhairt do na pobail le go bhféadfaí siad aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin na tuaithe agus dul chun cinn inbhuanaithe a chothú.

([17]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Bainistiú inbhuanaithe uisce agus éigeandáil aeráide: réitigh chiorclacha agus réitigh eile do chóras agraibhia an Aontais i 'gComhaontú Gorm' a bheidh ann amach anseo (IO C 349, 29.9.2023, lch. 80).

([18]) *Desertification and agriculture*, EPRS.

([19]) https://farmwell-h2020.eu.

([20]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais (IO C 290, 29.7.2022, lch. 137) agus Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — I dtreo rannpháirtíocht struchtúrtha na hóige maidir leis an aeráid agus leis an inbhuanaitheacht i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh (níl leagan Gaeilge ann) (IO C 429, 11.12.2020, lch. 44).

([21]) https://europeanruralparliament.com/index.php/home/about-us.

4.4. De bharr rannpháirtíocht comhairlí óige agus eagraíochtaí óige sa Chomhshocrú um an Tuath ar an leibhéal náisiúnta, is fearr atá guth na gceantar tuaithe le cloisteáil, tá comhar á chothú, agus bíonn gealltanais shonracha ann ba cheart a fheabhsú trí chur chuige den chineál iomlánaíoch agus den chineál críochach. Ba cheart spreagadh a chur faoin malartú eolais, sin agus faoin malartú uirlisí agus dea-chleachtas, ó thír go tír ón Aontas isteach agus amach chomh maith.

4.5. Ní mór ionadaíocht na ndaoine óga ó cheantair thuaithe sa pholaitíocht a fheabhsú lena chinntiú go mbeidh a nguth le cloisteáil agus go ndéanfar an freastal cuí ar gach is riachtanas dóibh.

5. **Poist inbhuanaithe**

5.1. Tá os cionn 44 mhilliún duine fostaithe in earnáil na talmhaíochta agus i dtionscal an bhia san Aontas Eorpach (agus fostaíocht rialta ag 20 milliún duine in earnáil na talmhaíochta amháin) ([22]). Mar sin féin, is deacair dóibh an t-aos óg a mhealladh mar gheall nach bhfuil de phoist tharraingteacha ann ach líon teoranta, agus mar gheall nach mbíonn cuid mhaith de na deiseanna fostaíochta ann ach le linn ceann de shéasúir na bliana.

5.2. Is ábhar imní easpa spéise a bheith ag na daoine óga san acmhainn atá san earnáil í féin a chur in oiriúint do chláir chasta oibre arb iad an inbhuanaitheacht, an t-iomaíochas agus ionchais shóisialta agus chomhshaoil is fócas dóibh.

5.3. Ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ba ríthábhachtach deiseanna fostaíochta ardcháilíochta a chur ar fáil faoi chonarthaí cobhsaí iomaíocha, sin agus cosaint shóisialta chuí a bheith ann mar aon le tacaíocht don fhiontraíocht. Is dhá rud iad an digitiú agus rialacha iomaíochta córa do FBManna a d'fhéadfadh eacnamaíocht inbhuanaithe a chothú sna ceantair thuaithe, go háirithe ar mhaithe leis na daoine óga.

5.4. Tá gá le cómhargáil láidir, le hidirphlé sóisialta feabhsaithe a mbeidh struchtúr air, agus le cur i bhfeidhm an tsásra coinníollachta sóisialta sna ceantair thuaithe agus ar an leibhéal fonáisiúnta, chun iomaíocht chóir a chothú, chun cearta na n-oibrithe a chaomhnú, agus chun cothrom na hiomaíochta a chur ar bun.

5.5. Is díol suntais atá i ngné ar leith d'fhostaíocht na mban, agus tá gá le beartais a bheadh dírithe ar na mná, beartas a d'fhéadfaí a chuimsiú go hiomlán i margadh an tsaothair in earnáil na talmhaíochta agus an bhia chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eile den chineál céanna. Bonneagar a chur ar fáil i réimse an chúraim riachtanaigh, sin rud a bhfuil ról lárnach aige má tá na ceantair thuaithe le bheith níos tarraingtí do na mná. Chuideodh bonneagar den chineál sin iad a chuimsiú sa lucht saothair.

5.6. Ba cheart tuilleadh díchill a dhéanamh chun daoine óga a spreagadh agus tacú leo agus iad i mbun na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha uile a d'fhéadfadh a bheith i gceantair thuaithe agus i gceantair iargúlta, lena n-áirítear tacaíocht oideachais agus airgid. D'fhéadfaí tairbhe a bhaint as scéimeanna meantóireachta agus scéimeanna printíseachta idir an dá ghlúin, sin agus as naisc le deiseanna foghlama de leithéid Erasmus+.

5.7. Cuireann slabhraí soláthair gearra le gníomhaíochtaí agraibhia atá níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos éagsúlaithe, cruthaíonn siad poist agus coinníonn siad na daoine sna ceantair thuaithe. Ina theannta sin, is minic a bhíonn feirmeoirí óga agus fiontraithe tuaithe i gceannas ar thionscnaimh a bhíonn ag déanamh gníomhaíochtaí traidisiúnta a bhaineann le hathnuachan na talún. Ba cheart infheistíocht agus tacaíocht phoiblí a chur ar fáil chun táirgí áitiúla a chur chun cinn agus a fheabhsú. Ba cheart tacú le daoine óga atá ag gabháil do na réimsí sin agus ba cheart iad a choinneáil ar bun.

5.8. An rochtain theoranta ar thalamh, maille le deacrachtaí rochtana ar chreidmheas, sin dhá dhúshlán atá le sárú ag gnólachtaí talmhaíochta agus neamhthalmhaíochta araon, go háirithe nuair is daoine óga atá i gceist. I measc na dtáirgeoirí talmhaíochta, is iad na feirmeacha beaga, na feirmeoirí óga, na nuatheachtaithe, agus na hinfheistíochtaí nuálacha, is mó a mbíonn deacrachtaí acu rochtain a fháil ar mhaoiniú ([23]). D'fhéadfaí spreagadh a chur faoin eacnamaíocht inbhuanaithe agus an fhorbairt inbhuanaithe a chothú i measc na bpobal tuaithe ach rochtain ní b'éasca a bheith ag na fiontraithe tuaithe, go háirithe úinéirí óga, ar thalamh agus ar chreidmheas.

5.9. Tarlaíonn go mbíonn moill idir 6 mhí agus 8 mí ar íocaíochtaí CBT. Éagobhsaíocht airgeadais an toradh a bhíonn air sin, agus bac ar phleanáil laistigh d'earnáil na talmhaíochta go mór mór nuair is daoine óga atá i gceist. Is mithid deireadh a chur leis sin. Trí na próisis riaracháin a chuíchóiriú agus a shimpliú ar gach leibhéal, ó leibhéal an Aontais go dtí an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta, is féidir cuidiú le daoine óga agus iad a dhreasú, agus is féidir éifeachtúlacht agus éifeachtacht an rialachais a fheabhsú chomh maith.

5.10. Cuireann deiseanna fostaíochta i gceantair thuaithe lasmuigh d'earnáil na talmhaíochta – an turasóireacht, an cultúr agus cúrsaí spóirt – le forbairt inbhuanaithe agus le beocht na limistéar sin, agus is féidir daoine óga a mhealladh ar an dóigh sin. Dá bhrí sin, ní mór tacaíocht a ndóthain a thabhairt dóibh.

6. **Oiliúint agus oideachas**

6.1. Is ríthábhachtach an ról atá ag an oiliúint agus ag an oideachas ar gach leibhéal nuair is í forbairt na tuaithe atá le déanamh, mar is iad an oiliúint agus t-oideachas an bunús atá leis na scileanna agus leis an eolas atá ag na daoine.

([22]) Agriculture – EU action (https://european-union.europa.eu/priorities-and-actions/actions-topic/agriculture_en).
([23]) Riachtanais airgeadais in earnálacha na talmhaíochta agus an agraibhia san Aontas Eorpach, ardán comhairleach 'fi-compass', 2020.

6.2. Ba cheart an t-oideachas claochlaitheach a bheith á chuimsiú sna córais oideachais, rud a chuirfeadh ar chumas na ndaoine óga athrú sistéamach a chur ar an saol ([24]). De réir thuarascáil de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) a eisíodh le déanaí, tá an fhoghlaim chlaochlaitheach ríthábhachtach toisc go gcabhraíonn sí le feasacht chomhroinnte a chothú agus le comhghníomhaíochtaí a spreagadh ([25]). Maidir leis an oideachas claochlaitheach, de réir an tsainmhínithe atá ag Unesco air, is rud é a bhaineann gníomh as an duine aonair de bhrí na taithí praiticiúla, de bharr ghrinnfhéachaint na hoibre, agus de thairbhe dearcadh cuimsitheach uileghabhálach. Is forbairt den chineál iomlánaíoch a thugann sé i gceist, agus tugann sé de chumhacht do dhaoine a bheith rannpháirteach i saol a bpobail féin ar bhealach fiúntach fónta.

6.3. Ba cheart do Bhliain Eorpach na Scileanna aghaidh a thabhairt ar na scileanna is gá chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhainistiú agus chun gníomhaíochtaí forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme. Ba cheart dó aird a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú ag na daoine óga nuair atá an saol ar domhan ag athrú leis go tréan agus go tapa.

6.4. Is é an cur chuige idirdhisciplíneach ba cheart a chleachtadh i gcothú na hoiliúna agus an oideachais, agus ba cheart aird a thabhairt ar chásanna áitiúla agus ar riachtanais an phobail san am céanna. Maidir leis an tsochaí shibhialta eagraithe, rud a dhéanann ionadaíocht ar éilimh na ndaoine a bhíonn ag athrú go minic agus a thacaíonn leo, ba cheart í a bheith rannpháirteach i bpleanáil agus i gcur chun feidhme na mbealaí sin.

6.5. Tá gá le hinfheistíocht i scileanna agus i gcáilíochtaí, go háirithe nuair is gairmeacha beatha den chineál neamhleanúnach atá san earnáil, agus i bhfianaise na ndeiseanna nua fostaíochta is toradh ar an aistriú glas agus ar an ngeilleagar ciorclach, deiseanna nach féidir a thapú gan scileanna ar leith a bheith ag duine. Ba cheart an tacaíocht chuí a chur ar fáil do NEETanna, ar dhaoine faoi mhíchumas, agus ar phobail imeallaithe sna ceantair tuaithe.

6.6. Faoin gclár Erasmus+ agus clár LEADER/CLLD, ba cheart deiseanna sonracha a chur ar fáil chun scileanna ceannaireachta a fhorbairt agus chun feabhas a chur ar an tuiscint idir na daoine óga i gceantair thuaithe agus na daoine óga sna ceantair uirbeacha. Tharlódh dá bharr sin gurbh fhusa dóibh a bheith rannpháirteach i samhail rialachais il-gheallsealbhóra ní ba chuimsithí.

6.7. Is ríthábhachtach an ról atá ag an oideachas, an oiliúint agus an taighde san athmhachnamh atá le déanamh ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta agus ar bheathú na mbeithígh ar thalamh féaraigh, ar na hoileáin, sna ceantair thuaithe agus faoi na sléibhte mar is rudaí iad sin a réitíonn an bealach do na daoine nuair atá an talamh á thabhairt ar láimh acu dá gclann, rudaí a fhágann gur fusa forbairt inbhuanaithe chothrom a áirithiú ar chríocha an Aontais. Ba ríthábhachtach feabhas a chur ar an gcaipiteal daonna chun ionchais na dtomhaltóirí i ndáil le cáilíocht agus inbhuanaitheacht na táirgeachta a chomhlíonadh.

6.8. Bheadh súil go mbeadh na scileanna riachtanacha ag glúin nua bainisteoirí feirme chun táirgí a tháirgeadh ar bhealach níos éifeachtúla, agus chun an comhshaol a chosaint san am céanna; comaoin a chur ar an dícheall atá á dhéanamh i gcoinne athrú na haeráide; freastal ar éilimh na sochaí maidir le haistí bia sláintiúla cothroma agus maidir le leas na n-ainmhithe; agus coinneáil suas leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch atá ag éirí níos gasta. Le lucht saothair ní ba cháilithe, d'fhéadfadh earnáil na talmhaíochta an cumas táirgiúlachta agus an cumas ginte ioncaim atá inti a mhéadú ([26]).

6.9. Tá tábhacht le hollscoileanna tuaithe na hEorpa agus le seirbhísí poiblí díláraithe chun oideachas, oiliúint, treoshuíomh agus treoir a chur ar fáil atá saincheaptha do riachtanais shonracha na bpobal tuaithe. Cuireann na hinstitiúidí sin le forbairt na tuaithe trí bhíthin cláir agus seirbhísí ábhartha a thairiscint a thacaíonn le riachtanais áitiúla. D'fhéadfadh sé freisin gur thairbhiúil an rud eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach ann, agus an t-oideachas neamhfhoirmiúil a bheith á fheabhsú agus á fhorbairt i ndáil leis sin.

7. **Dea-chleachtais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin óige na tuaithe**

7.1. Tá béim sa roinn seo ar rogha dea-chleachtas a léiríonn tiomantas daoine aonair, eagraíochtaí agus pobal i leith athrú dearfach a chruthú i gceantair thuaithe, rud agus atá ag teacht leis na moltaí a leagtar amach sna 'Conclúidí agus moltaí', áit a léirítear an tionchar claochlaitheach a d'fhéadfadh a bheith acu ar óige na tuaithe. Cuireann na tionscnaimh sin treochlár ar fáil ionas gur fearr an todhchaí a bheidh ag cách maille le ról ríthábhachtach ag na ceantair thuaithe sa chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, agus cóir chomhionann agus rannpháirtíocht iomlán ag na daoine óga sna ceantair thuaithe agus sna ceantair uirbeacha araon.

7.2. Maidir le bailiú sonraí agus taighde atá dírithe ar an óige a chur chun cinn chun infheistíochtaí agus beartais spriocdhírithe a threorú, aithníonn Grúpa Téamach an Aontais um Fhostaíocht don Aos Óg ([27]) na dúshláin atá os comhair daoine óga ar fud an Aontais Eorpaigh agus cuireann sé malartú smaointe agus tionscnamh chun cinn, rud a éascaíonn comhroinnt na sonraí agus an eolais. Tharlódh do Phobal an Chomhshocraithe Tuaithe a bheith ríthábhachtach freisin i mbailiú sonraí agus in iarrachtaí rannpháirtíochta an phobail.

([24]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An óige a chumhachtú chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach tríd an oideachas (IO C 100, 16.3.2023, lch. 38).
([25]) *Climate Change 2022: Mitigation of climate change*, lch. 2871.
([26]) Bliainiris réigiúnach Eurostat 2023.
([27]) https://eu-cap-network.ec.europa.eu/thematic-group-rural-youth-employment-voice-rural-youth_en.

7.3. Maidir le mealladh na hóige a bheith sna ceantair thuaithe, rud a bhfuil gá leis, tá beart á thuar ag an bpobal an Chomhshocraithe Tuaithe, an Limistéar Eorpach Oideachais ([28]), an gnólacht nuathionscanta nuálach sóisialta 'Ca' Colonna' ([29]) agus cláir de chuid an Aontais amhail Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ós ríthábhachtach an ról atá acu féin le daoine óga a chumhachtú, i ndáil lena gcuid rannpháirtíochta i bhforbairt na tuaithe a fheabhsú, agus i dtaca leis na seirbhísí sin a dhéanamh inrochtana dóibh. Cinntíonn na tionscnaimh sin seirbhísí ardchaighdeáin, fostaíocht, oideachas agus bonneagar inrochtana.

7.4. Maidir leis an athnuachan ó ghlúin go glúin agus rialachas il-gheallsealbhóra a chur chun cinn, déanann tionscadal COCOREADO ([30]), Clár Óige na Náisiún Aontaithe 2030 ([31]) agus tionscadal RURBEST22 ([32]) an óige a chumhachtú, comhoibriú a spreagadh, agus bealaí athraitheacha a aithint ina mbíonn an óige rannpháirteach tríd an teicneolaíocht agus na meáin shóisialta, agus ailíniú á dhéanamh leis an iarraidh ó CESE go mbeadh conairí rannpháirtíochta ann. Cuireann pobal an Chomhshocraithe Tuaithe rialachas il-gheallsealbhóra agus rannpháirtíocht lucht ceaptha beartas agus óige chun cinn freisin.

7.5. Maidir le tábhacht an gheilleagair inbhuanaithe agus na fostaíochta ar ardcháilíocht, cuireann an t-ardán Eorpach um Oideachas Scoile ([33]) agus cláir nua Erasmus agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh conarthaí fostaíochta ar ardchaighdeán ar fáil. Tacaíonn na cláir sin le cearta oibrithe agus le cothrom na Féinne freisin, rud a léiríonn an tiomantas atá againn do dheiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán a chothú. Arís eile sa chás seo, tá ról ag pobal an Chomhshocraithe Tuaithe maidir le deiseanna fostaíochta a chur chun cinn i gceantair thuaithe.

7.6. Maidir leis an moladh chun an rochtain ar thalamh agus ar chreidmheas a éascú, osclaíonn an tionscnamh Muirí Fearainn Phoiblí ([34]) sa Fhrainc an doras d'fhiontraithe óga na tuaithe, rud a shimplíonn an rochtain ar thalamh. Ar an dul sin, tacaíonn sé leis an bhfís atá ag CESE rochtain níos éasca a bheith ag fiontraithe na tuaithe ar thalamh agus ar chreidmheas agus ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe.

7.7. Tá an moladh maidir le hoideachas agus oiliúint idirdhisciplíneach á chomhlánú ag an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile, ag an tionscadal COCOREADO agus ag Éicea-Scoileanna ([35]). Tacaíonn na cleachtais sin le hoideachas ar gach leibhéal, curtha in oiriúint do riachtanais áitiúla, agus léiríonn siad tábhacht an oideachais idirdhisciplínigh agus rannpháirtíocht an phobail. Tá oiliúint agus oideachas ar leibhéil éagsúla a bhaineann le córais bhia inbhuanaithe i gceist freisin le gníomhaíocht óige an fhóraim dhomhanda bia ar mhaithe le todhchaí bia níos fearr.

7.8. Tá macalla ag an iarraidh go ndíreofar ar scileanna don aistriú glas i nGníomhaíocht Óige an Fhóraim Dhomhanda Bia ar mhaithe le Todhchaí Bia Níos Fearr ([36]), a bhfuil ról ríthábhachtach aige maidir le haghaidh a thabhairt ar na scileanna is gá don aistriú glas agus do ghníomhaíochtaí forbartha inbhuanaithe, go háirithe i gcomhthéacs na gcóras bia agus na talmhaíochta.

7.9. Ar deireadh, maidir le haitheantas a thabhairt do ról na n-ollscoileanna tuaithe, don dílárú agus don oideachas neamhfhoirmiúil, léiríonn an t-ardán Eorpach um Oideachas Scoile agus tionscadal COCOREADO an tábhacht atá le hoideachas, comhairle agus treoir atá saincheaptha do phobail tuaithe. An bhéim atá acu ar rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, is rud é atá ag teacht go hiomlán leis an ról atá ag an tsochaí shibhialta i bhforbairt na tuaithe.

An Bhruiséil, an 14 Nollaig 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([28]) https://education.ec.europa.eu.
([29]) https://www.cacolonna.it.
([30]) https://cocoreado.eu/cocoreado.
([31]) https://www.unyouth2030.com.
([32]) http://elard.eu/actions/rural-youth-in-action-from-local-to-european-level.
([33]) https://school-education.ec.europa.eu/en.
([34]) https://strugglesforlandforum.net/un-exemple-de-gestion-des-communs-lespace-public-maritime.
([35]) https://www.ecoschools.global.
([36]) https://www.world-food-forum.org/youth-action/en.